



**Foras na Gaeilge**

**LEABHRÁN EOLAIS**

**Riarthóir Tionscadail  
(Oifigeach Feidhmiúcháin)**

**Tionscadal Foclóirí Gaeilge agus Gaeilge-Béarla  
Fhoras na Gaeilge**

**Tag: OFTF/1123**

 **foclóir.ie**

## EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

### An Tionscadal Foclóireachta

Tá Foras na Gaeilge ag tabhairt faoi thionscadal nua foclóireachta ina bhfuil i gceist go dtairgfí Foclóir Gaeilge agus Foclóir Nua Gaeilge-Béarla. Tréimhse cúig bliana atá i gceist leis an tionscadal seo, a bhfuil nach mór bliain di istigh faoin am seo. Cuireadh tús leis an obair scríofa agus eagarthóireachta i mí Mheán Fómhair 2022.

### Foras na Gaeilge

Is iad Foras na Gaeilge (an ghníomhaireacht teanga) agus Tha Boord o Ulstèr-Scotch (Bord Albainis Uladh) an dá chuid den Fhoras Teanga, an comhlacht teanga Thuaidh/Theas, ceann de na comhlachtaí forfheidhmithe a bunaíodh faoi théarmaí Chomhaontú Bhéal Feirste. Is iad seo a leanas na feidhmeanna reachtúla a sannadh d'Fhoras na Gaeilge:

- An Ghaeilge a chur chun cinn;
- Úsáid na Gaeilge labhartha agus scríofa a éascú agus a spreagadh, sa saol poiblí agus sa saol príobháideach sa Deisceart agus, i gcomhthéacs Chuid III den Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, sa Tuaisceart áit ar bith a bhfuil ráchairt uirthi;
- Comhairle a thabhairt don dá rialtas, do chomhlachtaí poiblí agus do ghrúpaí eile san earnáil phríobháideach agus san earnáil dheonach;
- Tabhairt faoi thionscadail tacaíochta, agus deontais i gcabhair a thabhairt do chomhlachtaí agus do ghrúpaí de réir mar a mheastar gá a bheith leo;
- Tabhairt faoi thaighde, faoi fheachtais leis an Ghaeilge a chur chun cinn, agus tabhairt faoi chaidreamh poiblí agus chaidreamh leis na meáin chumarsáide;
- Téarmaíocht agus foclóirí a shaothrú;
- Tacaíocht a thabhairt don Ghaelscolaíocht agus do theagasc na Gaeilge.

Tá 16 bhall ar Bhord Fhoras na Gaeilge, 8 ón Deisceart agus 8 ón Tuaisceart agus, i gcuideachta Bhord Albainis Uladh, is é Bord an Fhorais Teanga Thuaidh/Theas é.

Tá Foras na Gaeilge freagrach don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT), agus go háirithe don Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meáin agus don Aire Pobal. Tuigean Foras na Gaeilge, mar chuid den Fhoras Teanga Thuaidh/Theas, go gcaithfidh a chuid cuspóirí agus straitéisí bheith ag cur le polasaí ginearálta an dá rialtas agus cinnteoidh sé, mar sin, go mbeidh cumarsáid éifeachtach ann leis an dá Roinn chuí, Rúnaíocht na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas, an Roinn Airgeadais agus an Roinn Airgeadais agus Pearsanra. Chomh maith leis sin, cinnteoidh Foras na Gaeilge go bhfuil sé ag cur le ceanglais an Mheamraim Airgeadais agus le hiomlán na gceanglas reachtúil cuí eile sa dá dhlínse.

## Láthair

Oifig Fhoras na Gaeilge i mBaile Átha Cliath a bheidh mar phríomhláthair oibre ag an té a cheapfar sa phost seo ach tá féidearthachtaí maidir le hobair chumaisc agus pléifear na socruithe cuí leis an duine a cheapfar.

## Painéal

Tá sé i gceist ceapachán amháin lánaimseartha a dhéanamh (ar chonradh téarma seasta go dtí deireadh Lúnasa ). Cuirfear painéal d'iarrthóirí cáilithe le chéile bunaithe ar an bpróiseas earcaíochta seo. Aon iarrthóir cáilithe nach dtairgfear post lánaimseartha dó/di ar an gcéad dul síos, d'fhéadfaí post ag an ngrád seo a thairiscint dó/di as seo go ceann dhá bhliain, sa chás go mbeadh folúntas sealadach sa tionscadal agus acmhainn ann chuige sin.

## Sochair

Baineann na Téarmaí agus na Coinníollacha seo a leanas le post mar Riarthóir Tionscadail ag leibhéal Oifigeach Feidhmiúcháin le Foras na Gaeilge agus cuirfear iad sa Tairiscint Cheapacháin:

- Raon Tuarastail: is é an raon tuarastail don phost seo €32,267-€53,130\* (*pro rata*).  
\*Caithfear an post a thairiscint ag bun an scála. D'fhéadfaí an ráta tuarastail a choigeartú ó am go chéile ar aon dul le beartas pá an Rialtais.
- Tréimhse an Chonartha: conradh ar théarma seasta go deireadh mhí Lúnasa 2027 a bheidh i gceist. Ní post buan atá i gceist leis an ról seo.
- Uaireanta Oibre: post lánaimseartha atá ann agus caithfear bheith i láthair 40 uair (i seachtain cúig lá). Ceadáítear uair an chloig don lón;
- Beidh tréimhse phromhaidh i gceist leis an bpost seo;
- Saoire Bhliantúil: 23 lá (*pro rata*) agus laethanta saoire poiblí;
- Pá Breoiteachta: Suas le 3 mhí ar phá iomlán agus 3 mhí ar leathphá ach gan níos mó ná 6 mhí de phá breoiteachta i dtréimhse 4 bliana ar bith (*pro rata*);
- Pinsean: Mar a cheadóidh an CATT;
- Saoire mháithreachais / atharthachta: de réir na dteidlíochtaí atá i bhfeidhm ag an am;
- Saoire uchtála: de réir na dteidlíochtaí atá i bhfeidhm ag an am;
- Saoire tuismitheora: de réir na dteidlíochtaí atá i bhfeidhm ag an am;
- Fógra faoi éirí as post: 5 seachtaine ar a laghad: 13 seachtaine ar a mhéad;
- Aois scoir: de réir na dteidlíochtaí a bheidh i bhfeidhm ag an am;
- Scor de thairbhe sláinte: Mar a cheadóidh an CATT;

- Cód iompraíochta: Mar atá faofa ag an CATT.

## Ginearálta

Tá an riarthóir tionscadail faoi cheangal ag:

1. **Na Cumhachtaí Reachtúla, na dualgais agus na hoibleagáidí** mar atá leagtha síos in I.R. Uimh.859 1999 Tuaisceart Éireann “North/South Co-Operation (Implementation Bodies) Northern Ireland) Order 1999” agus Airt.1 de “The British- Irish Agreement Act 1999.”
2. **An Meamram Airgeadais** a cheadaigh an Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus an Roinn Airgeadais, rud a leagann amach na nósanna imeachta airgeadais agus na socruithe cuntasáíochta don Fhoras Teanga Thuaidh/Theas.

## An Próiseas Roghnóireachta

Caithfear gach iarratas a dhéanamh ar an bhfoirm a chuirfidh Foras na Gaeilge ar fáil. Ní ghlacfar le CVanna. Ba chóir d’iarrthóirí cóip Word (.docx) den fhoirm iarratais chomhlánaithe a sheoladh ar ríomhphost roimh 4pm Dé hAoine 8 Meán Fómhair 2023 chuig: [poist@forasnagaeilge.ie](mailto:poist@forasnagaeilge.ie)

Sa chéad chéim den phróiseas roghnóireachta déanfar an t-eolas ar an bhfoirm iarratais a mheas. Le go rachaidh iarrthóirí ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den phróiseas roghnóireachta, tabharfar breithiúnas orthu de réir an eolais a thug siad ar an bhfoirm iarratais agus dá réir sin amháin. I Roinn 2 agus Roinn 3 den fhoirm iarratais iarrtar eolas ábhartha faoi na hinniúlachtaí agus taithí atá ag iarrthóirí sna critéir atá riachtanach nó inmhianaithe; tá cur síos orthu sa cháipéis seo. Caithfidh iarrthóirí mionchuntas soiléir a thabhairt ar shamplaí den taithí seo a fuair siad san obair a rinne siad ar na mallaibh lena léiriú go bhfuil siad inniúil don phost.

I dtús báire, bainfear úsáid as na critéir riachtanacha agus inmhianaithe le gearrliosta a dhéanamh d’iarrthóirí a rachaidh ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den phróiseas roghnóireachta.

Sa dara céim den phróiseas roghnóireachta beidh agallamh ann. Tá i gceist go mbeidh na hagallaimh ar siúl an tseachtain roimh 29 Meán Fómhair 2023.

## **SONRAÍ AN PHOIST**

- Teideal an Phoist:** Riarthóir Tionscadail – Tionscadal Foclóirí Gaeilge agus Gaeilge-Béarla Fhoras na Gaeilge
- Freagrach do:** An Bainisteoir Tionscadail agus an tEagarthóir Foclóireachta
- Próifíl an Phoist:** Freagrach as tascanna éagsúla riaracháin a bhaineann leis an tionscadal a chur i gcrích.

### **Príomhchúraimí**

#### **Cúraimí Straitéiseacha**

- Tacú le cur i bhfeidhm chlár oibre Rannóg na Foclóireachta;
- Forbairt agus monatóireacht a dhéanamh ar spriocanna cuí de réir mar a aontófar leis an mbainisteoir líne.

#### **Cúraimí Oibríochtúla**

- Baisceanna oibre a chruthú agus a dháileadh ar fhoireann an tionscadail;
- Tacaíocht riaracháin a sholáthar d'fhoireann an tionscadail agus do chonraitheoirí seachtracha;
- Buntascanna eagarthóireachta a dhéanamh ar iontrálacha;
- Tascanna maidir le hábhar corpais a bhailiú agus a réiteach;
- Tástáil a dhéanamh ar na suíomhanna foclóireachta agus ar na haipeanna;
- Modhanna imeachta éifeachtacha a úsáid chun dualgais dhlite a chur i gcrích;
- Cinntiú go bhfuil comhaid na rannóige in ord agus suas chun dáta;
- Tascanna riaracháin agus taighde eile a d'fhéadfadh teacht aníos ó am go chéile.

#### **Cúraimí Pearsanra**

- Bainistiú ar thascanna a chuirtear i gcrích i gcomhar le baill foirne eile;
- Tuairisciú don lucht bainistíochta maidir le cur i gcrích cuspóirí rannóige agus pearsanta;
- Bheith rannpháirteach mar bhall den fhoireann;
- Tuiscint ar chórais feidhmíochta agus féinmheasúnú.

#### **Cúraimí Cumarsáide**

- Eolas a sholáthar go himmheánach;
- Freastal ar chruinnithe foirne agus stiúrthóireachta;
- Ábhar a ullmhú le haghaidh poiblíochta de réir mar is gá;
- Coinneáil ar an eolas maidir le forbairtí ábhartha sna réimsí a bhaineann leis an bpost.

#### **Cúraimí Airgeadais**

- Sonraisc & íocaíochtaí a phróiseáil;
- Buiséad tionscadal a bhainistiú ó lá go lá i gcomhar le Bainisteoir an Tionscadail;
- Tuairisciú don lucht bainistíochta ar fheidhmíocht airgeadais.

**Tugtar an méid seo thuas mar threoir ghinearálta ar chúraimí agus ar fhreagrachtaí. Ní cur síos iomlán ar na tascanna uile é.**

### **SONRAÍOCHT FAOIN bPEARSA**

Is iad seo a leanas na critéir is gá do na hiarrthóirí a chomhlíonadh:

#### **Critéir Riachtanacha**

1. Líofacht agus cruinneas sa Ghaeilge, idir scríofa agus labhartha;
2. Ardscileanna cumarsáide idir labhartha agus scríofa;
3. Ardscileanna eagrúcháin agus riaracháin;
4. Ardscileanna ríomhaireachta, ar a n-áirítear feidhmchláir Excel, Word agus Outlook.

#### **Critéir Inmhianaithe**

1. Taithí ar bhuiséad a riar agus/nó ar an riarachán airgeadais;
2. Taithí i réimse an aistriúcháin agus/nó na heagarthóireachta;
3. Cáilíocht 3ú leibhéal sa Ghaeilge nó an hiontamhail.